Aimsir Iontach
TREOIR DO MHÚINTEOIRÍ

Ag tacú le Múinteoirí chun Clár Aimsir Iontach
le Met Éireann agus Picker Pals a dhéanamh.

RÉAMHRÁ

Fáilte Uí Cheallaigh roimh Aimsir Iontach, comhshaothar idir Picker Pals agus Met Éireann, a cheiliúrann go bhfuil Met Éireann ag cabhrú le muintir na hÉireann, le 90 bliain anuas, an aimsir a thuiscint agus ullmhú di.

Dearadh na hacmhainní seo chun tacú le páistí na mbunranganna bunscoile forbairt a dhéanamh ar a dtuiscint ar an aimsir, tógáil ar a litearthacht aeráide, agus tuiscint a fháil ar conas a imríonn an aimsir tionchar ar a saolta laethúla, chun iad a choimeád slán agus chun a gcuid eolais faoin domhan timpeall orthu a mhéadú ag an am céanna.

ÁBHAIR

Torthaí Foghlama

- Cad iad na cineálacha aimsire atá ann?
- Cá as a dtagann an aimsir?
- Conas a dhéantar an aimsir a thomhas?
- Réamhaisnéisí Aimsire
- An Aeráid agus Athrú na hAeráide
- Conas a bheith ullamh agus fanacht slán?

Leibhéil

Is oiriúnach na hábhair seo do pháistí na mbunranganna bunscoile agus oiriúnach do na leibhéil seo a leanas, ar an mórgóir. Cuirtear an t-ábhar céanna ar fáil ag gach leibhéal agus mar sin is féidir bileoga oibre na leibhéal éagsúla a mheascadh chun freastal ar ranganna cumais mheasctha agus ar riachtanais speisialta oideachais mar is gá.

- Leibhéal 1 (Naíonáin)
- Leibhéal 2 (Rang a hAon is a Dó)
- Level 3 (Rang a Trí is a Ceathair)

ÁBHAIR AN CHLÁIR

Ceachtanna Idirghníomhacha

Cuirtear ceacht in-íoslódáilte ar fáil do gach leibhéal ar féidir a thaispeáint ar chlár bán idirghníomhach. Dearadh na ceachtanna seo chun go mbeidís solúbtha agus chun seans a thabhairt do mhúinteoirí an oiread ama agus is maith leo a chaitheamh ar gach cuid den cheacht, ach mar threoirlíne, d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé idir 30 noiméad agus uair an chloig le ceacht a dhéanamh.

Bileoga Oibre

Tagann 15 bileog oibre le gach leibhéal le réimse leathan de ghníomhaíochtaí spraiúla agus cruthaitheacha. Ar an iomlán clúdaíonn na bileoga oibre seo topaicí na gceachtanna agus is féidir iad a íoslódáil agus a phriontáil chun gur féidir le páistí iad a dhéanamh le linn am scoile nó mar obair bhaile.



Físeán

Físeán 5 nóiméad atá ann a chuireann an topaic agus an fhoghlaim ó na ceachtanna agus na bileoga oibre i láthair. Rinneadh taifeadadh ar an bhfíseán seo le páistí Picker Pals TV Club agus Foireann Met Éireann ag a gceanncheathrú i nGlas Naíon, Baile Átha Cliath.

CEISTEANNA PLÉ

- Breathnaígí ar an aimsir le chéile. **Cén sórt aimsire atá ann inniu?**
- Conas a imríonn an aimsir tionchar ar **na héadaí a chaitheann muid?**
- Cad iad na gníomhaíochtaí a thaitníonn leat a dhéanamh i gcineálacha éagsúla aimsire?
- An raibh adhaimsir agat áit a raibh tú riamh? Cad a tharla?
- Cén tionchar a bhíonn ag an aimsir ar ghníomhaíochtaí ar nós dul ag an gclós súgartha, spórt a imirt, eachtra pioctha bruscair a dhéanamh, nó dul ag taisteal le do theaghlach?
- Cathain a bhíonn do bhreithlaethanta? **Cén séasúr ina bhfuil siad?** Conas mar a bhíonn an aimsir de ghnáth ag an am sin den bhliain?
- Meas tú, cad a dhéanann daoine a oibríonn ag Met Éireann? Ar mhaith leatsa obair ann? Cén fáth?
- Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach **uachtar gréine a chaitheamh agus muid a chosaint ó gathanna ultraivialait?**
- Conas a ullmhaímid do chineálacha éagsúla aimsire, amhail báisteach, gaotha láidre, aimsir an-te nó aimsir fhuar?
- Conas ar féidir linn fanacht slán sábháilte i gcoinníollacha éagsúla aimsire? An gcónaíonn tú in aice le habhainn, cósta nó crainn mhóra? An bhféadfadh an aimsir aon cheann de na háiteanna seo a dhéanamh dainséarach?
- Cad is **athrú aeráide** ann? Ón méid atá ar eolas agat anois, conas a d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar do cheantar áitiúil?
- Cad iad na cineálacha éagsúla **rabhaidh aimsire**? Cad a chiallaíonn na dathanna?
- Ar athraíodh pleananna duitse mar gheall ar an aimsir riamh? Céard a tharla?

GNÍOMHAÍOCHTAÍ SPRAÍÚLA IDIRGHNÍOMHACHA

- **Gníomhaíochtaí Aimsire:** Aontaígí ar ghníomh i gcomhair gach cineál aimsire. Mar shampla: **Gaofar =** Bí ag luascadh cosúil le crann sa ghaoth; **Báisteach =** crith do mhéara suas is síos mar bháisteach; **Grianmhar =** déan cruth mór cosúil le solas na gréine; **Stoirmiúil =** déan bualadh bos mór glórach . Glaoigh amach cineálacha coinníollacha aimsire éagsúla agus féach cé chomh scioptha a fhreagraíonn gach éinne.
- **Amhráin Aimsire:** Foghlaim roinnt amhráin atá bunaithe ar an aimsir agus can iad le chéile.
- **Ealaín Adhaimsire:** Úsáidigí ábhair athchúrsáilte chun radharc a chruthú i ngrúpaí a léiríonn cineál adhaimsire a d'fhéadfadh tarlú i do cheantar.
- **An Aimsir ar an Teilifís:** Socraigh cúinne do stáisiúin na haimsire. Cuireann gach páiste réamhaisnéis na haimsire i láthair ar a seal.
- **Dráma Aimsire: I ngrúpaí, cruthaígí sceitse nó agallamh beirte ar scéal a bhaineann leis an aimsir** – bheith lasmuigh agus é ina dhíle bháistí, ag ullmhú do stoirm, ag ullmhú do lá brothallach, cluiche peile a cuireadh ar ceal, ag ullmhú chun dul amach ag piocadh brúscair.
- **Aimsir i Scéalta:** Breathnaigh ar leabhair i do sheomra ranga. Cén cineálacha aimsire atá le feiceáil sna pictiúir? An luaitear an aimsir aon áit sa scéal? An imríonn an aimsir tionchar ar an rud a tharlaíonn sa scéal?



AG FIOSRÚ AGUS AG DÉANAMH TURGNAIMH FAOIN AIMSIR

- **Súil Seachtainiúil ar an Aimsir:** Cruthaigh cairt aimsire ranga agus déan an aimsir a thaifeadadh ag an am céanna gach lá le seachtain. Cuir na torthaí i gcomparáid lena chéile agus lorg patrúin.
- **Dúshlán Réamhaisnéis na hAimsire:** Seiceáil réamhaisnéis na haimsire ag Met Éireann. Déan taifead ar na tuartha agus cuir iad i gcomparáid leis an rud a tharlaíonn. Cé chomh cruinn is a bhí an réamhaisnéis?
- **Ag Obair mar Eolaithe Aimsire:** Cé mhéad uirlisí aimsire is féidir le daltaí cuimhneamh orthu? Cad a thomhaiseann gach ceann acu? Aimsigh pictiúir de na huirlisí agus meaitseáil iad lena bhfeidhm.
- **Déan Méadar Báistí:** Cruthaigh méadar báistí simplí ó bhuidéal athchúrsáilte. Fág taobh amuigh é agus tomhais cé mhéad báistí a thiteann thar roinnt laethanta.
- **Cén Treo a bhfuil an Ghaoth ag Séideadh?** Déan eite ghaoithe simplí ag baint úsáide as ábhair athchúrsáilte agus bain úsáid as chun athruithe i dtreo na gaoithe a fhiosrú.
- **Tomhais an Ghaoth:** Déan rothán gaoithe simplí nó ainéimiméadar agus déan comparáid idir cé chomh láidir is a ghluaiseann sé ar laethanta difriúla nó i gcodanna difriúla de thalamh na scoile.
- **Bleachtairí Aimsire:** Téigh lasmuigh agus breathnaigh ar na scamaill. Cad iad na cruthanna, dathanna agus méideanna a fheiceann tú? Conas mar atá siad ag bogadh? Glac grianghraf nó tarraing pictiúr díobh agus cuir do bhreathnoireachtaí thar roinnt laethanta i gcomparáid lena chéile.
- **Turgnaimh Gréine agus Scáthanna:** Cuir ciúbanna oighir in áit ar a lonraíonn an ghrian agus in áit faoi scáth. Cén ciúb a leánn ar dtús? Cad a insíonn sé sin dúinn faoi fhuinneamh na Gréine?
- **Fiosrú Scáthanna:** Marcáil nó tomhais scáth an ruda chéanna ag amanna éagsúla i rith an lae scoile. Cad a athraíonn? Cén fáth?
- **Sa Tóir ar Theochtanna:** Déan comparáid idir teochtanna in áiteanna éagsúla — taobh istigh, taobh amuigh, faoin ngrian, agus faoi scáth. Cad iad na háiteanna is teo agus is fuaire? An féidir leis na daltaí a rá cén fáth?
- **Breathnaígí ar Met.ie:** Breathnaígí ar na léarscáileanna, réamhaisnéisí na haimsire agus na rabhaidh aimsire ar shuíomh gréasáin Met Éireann. An féidir le daltaí a gceantar féinig a aimsiú? Cén t-eolas is féidir leo a aimsiú?
- **Dear Stáisiún na hAimsire:** Cuir dúshlán roimh na grúpaí a mionstáisiún aimsire féinig a dhearadh. Cé na tomhais aimsire ba mhaith leo a dhéanamh agus cé na huirlisí a bheadh ag teastáil uathu?